lmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

# Beartas Úsáide na Saoráidí agus na Réadmhaoine

## Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

***Lúnasa 2025***

| | |
|---|---|
| **Uimh. Thag an Doiciméid:** | BOOLM/ÚNÁ |
| **Uimhir athbhreithnithe** | 004 |
| **Dáta an Athbhreithnithe** | An 26 Lúnasa 2025 |
| **Arna ullmhú ag** | Frank Smith, Príomhoifigeach Cúnta |
| **Arna ghlacadh ag** | xxxxxx |
| **Freagracht as Cur i bhFeidhm** | Príomhoidí Scoile, Comhordaitheoirí Lárionad, foireann FTE |
| **Freagracht as Athbhreithniú** | Frank Smith, Príomhoifigeach Cúnta |
| **Tréimhse Athbhreithnithe** | Dhá bhliain |
| **An Chéad Dáta Athbhreithnithe eile** | Lúnasa 2027 |
| **An Dáta ar Cuireadh an Beartas Bunaidh (Leagan 1) chun Feidhme** | An 23 Márta 2017 |
| **Suíomh Foinse** | FOIRNE BOOLM – Doiciméid bheartais |
| **Doiciméid Eile dá dTagraítear dóibh** | N/B |

| **Rialú Leagain** | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Leagain** | **Dáta Athbhreithnithe** | **Dáta Glactha** | **Faisnéis Nuashonraithe -** *Tabhair sonraí maidir leis an méid atá nuashonraithe sa leagan nua den bheartas* |
| 001 | | An 23 Márta 2017 | |
| 002 | | An 17 Márta 2018 | Nuashonrú déanta de bhun athbhreithnithe. |
| 003 | | An 25 Meitheamh 2020 | Nuashonrú déanta de bhun athbhreithnithe. |
| 004 | An 26 Lúnasa 2025 | An 26 Lúnasa 2025 | Nuashonrú déanta de bhun athbhreithnithe. |
| | | | |

1. Is mian le BOOLM tacú le creatlach shóisialta shaol an phobail, cabhrú le cur chun feidhme Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais, agus tacú le nósanna maireachtála atá gníomhach agus folláin do phobail trí rochtain an phobail ar scoileanna/lárionaid áitiúla a éascú. Déanfaidh BOOLM a sheacht ndícheall chun rochtain den chineál sin a éascú a oiread agus is féidir i gcomhréir lena thosaíocht fhoriomlán chun oideachas agus oiliúint a chur ar fáil.

2. Déanfar iarratais ar úsáid saoráidí scoileanna/lárionad trí fhoirm iarratais BOOLM a úsáid agus a sheoladh chuig Príomhoide na Scoile nó chuig Comhordaitheoir Lárionad BrOO.
   Tá áirithintí faoi réir: -
   - Infhaighteacht na saoráide
   - Infhaighteacht bhaill foirne an chomhlachta slándála a fuarthas nó na bhfostaithe/na n-oibrithe BOOLM
   - Faomhadh BOO Lú agus na Mí

   ***Níl áirithintí i gcrích go dtí go ndeimhneoidh an BOO / an Scoil/an Lárionad iad i scríbhinn***

3. Ba cheart iarratais a dhéanamh chomh fada roimh ré agus is féidir.

4. Ní úsáidfear an tsaoráid ach amháin i gcomhréir leis an gcríoch/na críocha sonracha agus chun na críche/gcríoch sonrach a leagtar amach san iarratas.

5. Ní mór go mbeidh foireann an chomhlachta slándála a fuarthas nó fostaí/oibrí BOOLM ar dualgas nuair a bheidh na saoráidí ar oscailt don iarratasóir, nó in úsáid aige/aici. Féadfar go mbeidh ar BOOLM costas bainteach ar bith a fháil ar ais ón iarrthóir.

6. Beidh rochtain ar shaoráidí na scoile/an lárionaid tríd an gcomhlacht slándála / trí fhostaí/oibrí BOOLM. Ní thabharfar i gcás ar bith eochair na scoile/an lárionaid d'aon pháirtí a úsáideann saoráidí na scoile/an lárionaid.

7. Is ceart deireadh a chur le gníomhaíochtaí 15 nóiméad roimh am dúnta oifigiúil ionas gur féidir an Scoil/an Lárionad a dhúnadh faoin am socraithe.

8. Tá COSC AR CHAITHEAMH TOBAC (lena n-áirítear r-toitíní) san áitreabh agus ar Thailte na Scoile/an Lárionaid.

9. Ní cead aon rud a ghreamú le téip nó le tacóid de bhalla, doras, dorchla nó bealach isteach ar bith.

10. Beidh úsáideoirí saoráidí BOOLM freagrach as maoirseacht iomchuí a chinntiú orthu siúd a bheidh i láthair, as cúram ceart a chinntiú do réadmhaoin na Scoile/an Lárionaid agus beidh siad freagrach as aon deisiúcháin agus/nó as aon chostais athsholáthair a bhaineann le haon damáiste nach meastar gur gnáthchaitheamh é. Ní mór d'úsáideoirí an halla spóirt bróga spóirt a chaitheamh nach ndéanfaidh an t-urlár a mharcáil.

11. Ní mór d'úsáideoirí saoráidí BOOLM a chinntiú nach mbeidh úsáideoirí ag útamáil le haon trealamh de chuid na scoile/an lárionaid.

12. Ceanglófar ar úsáideoirí saoráidí BOOLM fianaise a sholáthar go bhfuil a ndóthain árachais acu. Áirítear leis sin árachas Dliteanais Phoiblí de €6.5 milliún, árachas Dliteanais Fostóra de €13 milliún agus slánú BOOLM i gcoinne gach éileamh a eascróidh as úsáid na saoráidí. Forchoimeádann BOOLM an ceart chun leasú a dhéanamh ar an gcumhdach a mheasann sé a bheith leordhóthanach.

13. Beidh úsáideoirí saoráidí BOOLM freagrach as a leagan amach féin sna scoileanna/lárionaid agus ní mó dóibh a chinntiú go bhfágfar saoráidí mar a fuarthas iad, i.e. is ceart an troscán a chur ar ais sna háiteanna a raibh sé ar dtús agus gach bruscar a bhailiú agus a bhaint.

14. Is ceart d'úsáideoirí saoráidí BOOLM dul i dtaithí ar an gcaoi a leagtar amach bealaí amach éigeandála agus ar threalamh slándála na saoráidí.

15. Níl BOO Lú agus na Mí freagrach as earraí a chaillfear nó a ghoidfear agus/nó as gortuithe a tharlaíonn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a reáchtálfar i saoráidí BOOLM.

16. Ceanglaítear ar úsáideoirí saoráidí BOOLM taifead ar thinreamh a choimeád le húsáid mar ghlaoch rolla, i gcás éigeandála.

17. Íocfar costas a bhaineann le húsáid na saoráidí a luaithe is a gheofar sonrasc ó BOOLM. Is ceart seiceanna a dhéanamh iníoctha le BOO Lú agus na Mí.

18. Féadfaidh BOOLM nó príomhoide na scoile/bainisteoir an lárionaid

ábhartha an cead a tugadh roimhe seo a tharraingt siar tráth ar bith trí fhógra nach lú ná ceithre uair an chloig is fiche a sholáthar i scríbhinn don Rúnaí nó d'aon bhall eile de chuid an úsáideora ábhartha.

19. Forchoimeádann BOO Lú agus na Mí an ceart chun an beartas sin a athrú, a chealú nó a leasú tráth ar bith is cuí leis.

20. Beidh Polasaí Cosanta Leanaí i bhfeidhm ag úsáideoirí saoráidí BOOLM i gcás a bhfuil daoine faoi bhun 18 mbliana agus cuirfidh siad é ar fáil do BOO Lú agus na Mí arna iarraidh sin.

**BEIDH TÚS ÁITE AG GNÍOMHAÍOCHTAÍ SCOILE/LÁRIONAID AR GACH IARRATAS EILE**